

## Dírithé ar Réiteach

Cur chuige atá dírithe ar athrú é Cleachtas Dírithé ar Réiteach (SFP) a chabhraíonn le daoine bealaí a aimsiú chun cinn ó chásanna deacra nó dúshlánacha trí dhíríú ar an méid a theastóidh amach anseo agus ar an méid a bhfuil ag éirí leis cheana féin, agus díriú ar réitigh, seachas ar fhadhbanna (Ajmal agus Ratner 2020).

Thosaigh na síceolaithe Steve De Shazer agus Insoo Kim Berg Teiripe Dírithé ar Ghearr-Réiteach (SFBT) sna 1970idí i Meiriceá. Cuireadh SFBT agus SFP i bhfeidhm i scoileanna ó na 1990idí agus tá fianaise thurgnamhach atá ag dul i méid ann a dhéanann SFP a úsáid laistigh de shuíomhanna oideachais a bhailíochtú. Is féidir SFP a úsáid ag gach sraith den chontanam tacaíochta agus go solúbtha ar fud phobal na scoile (e.g. daltaí aonair, spriocghrúpaí, ranganna iomlána, cruinnithe tuismitheoirí, agus ar leibhéal uile-scoile).

Is éard a bhaineann le cleachtas Dírithé ar Réiteach ná comhthéacs a bhfuiltear ag súil le hinniúlacht agus bogadh i dtreo:

- Spriocanna bríocha a chomhthógáil atá bunaithe ar théarmaí daingne agus dearfacha. Chun seo a dhéanamh, labhraímid faoi na rudaí is mian leis an dalta/múinteoir a bheith i láthair, seachas cur síos ar an easpa fadhbanna (e.g. 'éisteacht níos mó' seachas 'stopadh ag béicíl os ard' nó 'mothaíonn daltaí go bhfuil siad á gcur san áireamh agus go léirítear meas orthu' seachas 'chun nach mothóidh daltaí ag ár scoil go bhfuil siad ar lár').
- An díriú a aistriú ó fhadhbanna go réitigh. Chun seo a dhéanamh, teastaíonn uainn na rudaí a gcuirimid cluas orainn féin dóibh agus an bealach a éistimid a athrú.
- An rogha todhchaí a fhiosrú go mionsonraithe. Chun seo a dhéanamh, tá orainn an meid a theastaíonn uainn, a dhéanfaidh dífríocht i ndáiríre a fhiosrú.
- Láidreachtaí agus acmhainní, seachas easnaimh, a lorg. Chun seo a dhéanamh, tá orainn an t-eolas agus na scileanna reatha a chur i ngníomh agus cur leis sin.
- Nuair atá an méid atá ag cur leis an rogha todhchaí sin á fhiosrú, smaoinigh faoi eisceachtaí ar an iompraíocht, cathain nach bhfuil sí ar bun agus déan na tráthanna seo a fhiosrú. Agus amhlaidh á dhéanamh, tá comhoibriú á lorg againn agus á fhorbairt againn tríd an méid a bhfuil ag éirí leis agus is mó is bríche dár ndaltaí a aimsiú.
- Meas dearfach neamhchoinníollach a chur i gcleachtas

Forbraítear caidreamh dearfach agus baintear torthaí dearfacha amach trí dhearcadh iomlánaíoch a bheith againn i leith cáis ina gcuirtear láidreachtaí an dalta, an méid a bhfuil ag éirí go maith leis agus cén rud beag a d'fhéadfaimis a dhéanamh i dtreo 'na rudaí is mó a bhfuil súil leo' don dalta a chur san áireamh. Ní hamháin go n-aithníonn cleachtas dírithe ar réiteach láidreachtaí, ábhair spéise agus guth an dalta, ach cabhraíonn sé freisin linn maidir le conas a labhraímid faoi na chéad chéimeanna eile inár bpleanáil.

Is féidir teanga Dhírithé ar Réiteach a úsáid i gcomhrá le glór na ndaltaí a chur san áireamh, nó laistigh de ghníomhaíochtaí struchtúrtha i.e. leagan amach spriocanna, cosúil le cruinnithe pleanála.

Trí na rudaí is mó a bhfuil súil leo, an rogha todhchaí agus comharthaí athraithe a lorg, cuirtear eolas ar fáil don mhúinteoir agus d'fhoireann na scoile a ligeann spriocanna a chomhthógáil, agus sainaithearn gníomhartha sonracha ar féidir leis an bhfoireann scoile freagairt dóibh agus iad ag tacú leis an dalta/na daltaí.

Tá an Uirlis Leagain Amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach a chruthaigh ardhcheachtóir SFBT in Caidreamh an CNOS. Is féidir an uirlis seo a úsáid le spriocanna bríocha a leagan amach go comhoibríteach le dalta nó le grúpa daltaí; nó d'fhoireann scoile le spriocanna a leagan amach dá gcleachtas féin, nó do chleachtas níos fairsinge scoile. Tá mír san uirlis chomh maith d'athbhreithniú agus d'athmhachnamh chun gur féidir tionchar aon tacaíochta, straitéisí nó pleananna a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil difear dearfach á dhéanamh acu. Féach an mínitheoir físeáin sula n-úsáidfidh tú an uirlis.

Tá an prionsabal ina mbítear dírithe ar réiteach fite fuaite in go leor de na prionsabail eile, guth na ndaltaí, meas dearfach neamhchoinníollach agus folláine foirne agus daltaí ina measc. Anuas ar an Uirlis Leagain Amach Spriocanna atá Dírithe ar Réiteach a úsáid, is féidir cur chuige atá dírithe ar réiteach a chuimsiú isteach i scoileanna i dtréimhse a ghiorra le 5 nóiméad, agus na ceisteanna samplacha thíos á n-úsáid:

## Tráthanna atá Dírithe ar Réiteach a Chruthú sa Seomra Ranga



- Cad iad na rudaí is mó a bhfuil súil leo don fhoghlaim faoi 'x' inniu, cad a dhéanfaidh an ceacht/lá seo ar an gceann is áisiúla duit?
- Más ionann 10 agus 'chomh muiníneach agus a d'fhéadfá a bheith san fhoghlaim faoi 'x' agus más ionann 0 agus a mhalairt, cén áit ar an scála sin atá bainte amach anois agat? Cén fáth go bhfuil an áit sin bainte amach cheana féin agat, seachas áit níos ísle? Liostaigh 3 rud.
- Cén 3 rud a d'fhéadfaimis a thabhairt faoi deara inniu a thabharfaidh le fios dúinn go bhfuil an rang seo ag foghlaim ar an mbealach is fearr do gach duine díobh?
- Dá dtarlódh sé seo, cén difríocht a d'fhéadfadh seo a dhéanamh?
- Cad iad na rudaí a bhfuil áthas ort a thabhairt faoi deara fút féin inniu/i rith ceachta inniu?
- Cén 3 rud ar éirigh go maith leo inniu? Cén difríocht a rinne sé sin?
- Cad is mó a bhfuil súil agat leis don seomra ranga/scoil seo, cén difríochtaí ar mhaith leat a thabhairt faoi deara a thacódh leat foghlaim ar an mbealach is fearr duit?

## Féach an uirlis leagain amach spriocanna

**Athbhreithniú agus Mochnamh atá Dírithe ar Réiteach**

Cad ar dtuairisc a bhfuil a thabhairt faoi deara?

Cad difríocht a rinne sé sin?

Cad ar dtuairisc a bhfuil a thabhairt faoi deara?

Cad difríocht a rinne sé sin?

Cad ar dtuairisc a bhfuil a thabhairt faoi deara?

Cad difríocht a rinne sé sin?

Cad ar dtuairisc a bhfuil a thabhairt faoi deara?


Cad difríocht a rinne sé sin?

Cad ar dtuairisc a bhfuil a thabhairt faoi deara?

Cad difríocht a rinne sé sin?

[NCSÉ Solution Focused Goal Setting Tutorial](#)

## Léitheoireacht bhreise ar Chleachtas atá Dírithe ar Réiteach



*Solution Focused Practice in Schools*  
le Yasmin Ajmal agus Harvey Ratner